# Droichead - Snáithe B:

## Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla Breise (GFGBanna)

Is creatlach ionduchtaithe chomhtháite do Mhúinteoirí i gcomhair Múinteoirí Nuacháilithe (MNCanna) í an próiseas Droichead. Tá dhá shnáithe i gceist leis - Snáithe A agus Snáithe B. Má táthar ag iarraidh an próiseas Droichead a chur i gcrích go rathúil, ní mór aghaidh a thabhairt ar an dá shnáithe: ionduchtú scoilbhunaithe (Snáithe A) agus gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise (Snáithe B).

Snáithe B:

Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla Breise Cnuaschruinnithe do Mhúinteoirí Nuacháilithe Gníomhaíocht Foghlama Gairmiúla Eile

Baineann Snáithe B le gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise, in arb éigean freastal ar chnuaschruinnithe do mhúinteoirí nuacháilithe agus dul i ngleic le gníomhaíocht foghlama gairmiúla amháin eile, i gcoibhneas le riachtanais an mhúinteora nuacháilithe. Le cois na gcnuaschruinnithe, ba cheart do MNCanna atá ag tabhairt faoin bpróiseas Droichead aghaidh a thabhairt ar ghníomhaíocht foghlama gairmiúla amháin eile, arna sainaithint de réir a gcuid riachtanas foghlama gairmiúla agus i gcomhairle lena bhFoireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG). I measc na ngnáthghníomhaíochtaí foghlama a d'fhéadfadh a bheith i gceist tá Líonraí Proifisiúnta Múinteoirí (cumainn ábhair), gníomhaíocht foghlama ar líne/cumaisc, freastal ar chomhdháil nó Féilte, rannpháirtíocht i gceardlann, Grúpa Tacaíochta Gairmiúla, srl.

Beidh ar MNCanna teideal, dáta agus fad na gníomhaíochta foghlama gairmiúla a thaifeadadh ar Fhoirm D. Thig le MNCanna Foirm D a chomhlánú ach logáil isteach ar an tairseach “Mo Chlárú” ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta.